

Biseach

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

San Eagrán Seo:

An Cumann Forbartha

Ainm an Cheantair

Seanchas Spóirt

An Pháirc Nua

Badmantan

Naíscoil Lurgan

An Caisdeach Bán


Cath an Chnoic

Éigse Scoile

An Cornúb

Spailpínteacht

Club Lurgan



Biseach

Fómhar 1979

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Praghas 50p

EAGARFHOCAL

Seo chugaibh eagrán nua de Bhiseach, iris Chumann Forbartha Chois Fharraige (Coiste Paráiste an Chnoic). Is é an aidhm atá ag Biseach soiscéal agus obair an Chumann Forbartha a chur os comhair an phobail, chomh maith le filíocht, seanchas, agus béaloideas na háite a chur ar pháipéar. Níor foilsíodh aon eagrán de Bhiseach le roinnt bliain ach ní hionann sin agus a rá nach raibh an Cumann ag obair.

Is iomaí duais atá buaite ag Paráiste an Chnoic i gComórtas Ghlór na nGael ó bunaíodh an Cumann Forbartha i 1966. Is iomaí Coiste de Choistí gníomhacha an Pharáiste a d'fhás as an gCumann Forbartha. Bhí sé ar cheann de na chéad Choistí Paráiste Gaeltachta a d'éiligh Údarás Gaeltachta. Ba shin i 1969. I 1970 socraíodh go mbeadh vóta i dtogha an Chumann Forbartha ag chuile dhuine os cionn ocht mbliana déag ins an bParáiste. Sin mar atá ó shin. Ba é Cumann Forbartha Chois Fharraige a thug Coistí Áitiúla Chonamara le chéile ar an gCeathrú Rua i 1971 agus ba shin é an cruinniú ag ar bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara.

Níl greim ag aon pháirtí ná ag aon ghrúpa polaitíochta ar an gCumann Forbartha. Tá daoine ann a bhfuil baint acu le polaitíocht ach úsáideann siad an Cumann ar mhaithe le leas na háite, ní ar mhaithe lena leas polaitiúil féin. Is creidiúint do bhaill an Chumainn gur amhlaidh atá.

Tá súil againn nach ins an mbaile amháin a léifear an páipéar seo ach ins chuile áit in Éirinn agus thar lear a bhfuil muintir an cheantair curtha fúthu. Go deimhin, tá súil againn go mbeidh glaoch níos fearr ar an eagrán seo ná mar a bhí ar na heagrán eile. Sé an chéad eagrán é atá dhá clóbhualadh i gClóllann Chomharchumann Chois Fharraige, clóllann nach raibh ann nuair a foilsíodh an t-eagrán deiridh. Seo an chéad uair againn pictiúirí a chur ann, pictiúirí a n-uirfeas cuid agaibh siar ar bhóithrín na smaointe.

Is é an Biseach a cheanglaíonn an sean agus an nua agus inneach an Pharáiste.

Cumann Forbartha Chois Fharraige,
Chionntáil ag Clódóirí Lurgan,

PÁDRAIC MAC AN IOMAIRE

Cor na Róin

Indreabhán



Grósaer, Éadaitheoir

Crua-earraí, Ergas

Fón 73111



Fir

THE HAIRNET



Mná

le haghaidh na faisean gruaige
is déanaí

Uaireanta Oibre

Luan - Déardaoin 10 a.m. - 6 p.m.

Aoine - Satharn 10 a.m. - 7 p.m.

Déan Coinne Fón: 73126

CLÚDACH: Máirtín Ó Cadhain. Pléifear tionchar an bhéal-oidis ar a shaothar le linn Éigse Chois Fharraige.

An Cumann Forbartha

Dá mbeadh an oiread le taispeáint ag chuile chumann forbartha sa nGaeltacht is atá le taispeáint ag an gCumann seo againne ar obair na dtrí bliana déag seo caite ní bheadh cailleadh ar bith ar an nGaeltacht. Is iomaí cor atá tagtha ar an saol ón am ar bunaíodh an Cumann Forbartha i mí na Márta 1966.

Bhí sé de thoradh ar obair an Chumainn seo gur tugadh daoine as chuile bhaile sa taobh seo den pharáiste le chéile ag obair saor in aisce ar son leas na háite. D'fhás cumainn eile as agus dá bharr agus leanadh a shampla. Ní léir dom aon choiste ná cumann a thug an oiread seirbhíse do Chois Fharraige is a thug an cumann seo.

An tSeanscoil

Ba mhór an náire seanscoil an Chnoic i ndeireadh na seascaidí. Ba chontúirt do shláinte na ngasúr agus na múinteoirí a bheith istigh inti tríd an ngeimhreadh. Dhúisigh an Cumann Forbartha na húdaráis le scoil

nua a dhéanamh ar an sliabhán agus b'iontach mar a sheas tuismitheoirí leis an gCumann agus le Coiste na dTuismitheoirí i gcaitheamh an achair agóide.

Go deimhin, is mór an ghráin an tseanscoil fós ach deamhan neart a bhí ag an gCumann Forbartha air mar bhí orainn úinéireacht a aistriú ó na seanúinéirí (An tArd-Easpag agus an Roinn Oideachais) agus an scoil agus an talamh atá ag dul léi a fháil in ainm an Chumainn agus triúr sagart ón Ard-deoise. Tá cead pleanála fáighte anois le Ionad Ceardaíochta agus Sóisialta a dhéanamh di. Tá an plean dá phlé le Gaeltarra faoi láthair agus tá súil againn go mbeidh an obair ag tosaí go luath. Is mór an lear airgid a

Ar lean. ar lch. 20



Seán Ó Floinn, Guinness Group Sales Ltd., ag bronnadh seic £400 ar Sheosamh Ó Neachtain, Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige ar phleanáil agus forbairt áiseanna turasóireachta i Seáim Forbartha Pobal Ghaeltarra Éireann 1976. In éindigh leo tá Tadhg Ó Curraoin, Rúnaí an Chumainn Fhorbartha, agus Cathal Mac Gabhainn, Bainisteoir Ginearálta Ghaeltarra Éireann.

Ainm an Cheantair

An tAth. Pádraic Ó Tuairisc

Dá bhfiafrófaí de dhuine inniu carb as é, b'fhéidir go ndéarfadh sé leat gurb as Conamara é agus d'fhéadfaí a chiallú leis sin áit ar bith idir Gaillimh agus an Clochán. Ach ní mar sin a bhí sa tseanreacht. Sa dúthaí sin a dtugtar Conamara anois air, is iad na daoine a bhí i gceannas ann agus ar leo é na Conmaicne agus fuair siad an t-ainm sin mar seo.

Bhí mac ag Feargus, rí Chúige Uladh, agus Méadhbh, banríon Chonnachta, agus is é an t-ainm a bhí air Conmac. Tugadh Conmaicne ar shliocht an mhic sin agus shocraigh siad síos i gCúige Chonnacht. De réir a chéile ansin tugadh Conmaicne ar na ceantair a bhí ag na daoine sin. Bhí ceantar amháin acu taobh thoir de Loch Measca i gCo. Mhaigh Eo ar a dtugtaí Conmaicne Cúile Toladh. Bhí ceantar eile i dtuaisceart Cho. na Gaillimhe, idir Tuaim agus Dún Mór ar a dtugtaí Conmaicne Cinél Dubain. Bhí an tríú ceantar — an ceantar ar fad siar ó Ghaillimh — agus ba iad Conmaicne Mara a bhí i gceannas ann, ba iad sin na Conmaicne a raibh baint acu leis an muir nó leis an bhfarraige, tugadh an t-ainm sin orthu le idirdhealú a dhéanamh idir iad agus na Conmaicne eile.

Tír dá Loch

Ach go han-luath sa stair, tháinig dream den Dal gCais as Cúige Mumhan faoi cheannas Lugad Dealbhaoth agus bhain siad amach dóibh féin an chuid sin de cheantar Chonmaicne Mara a raibh Tír dá Loch air, sé sin an talamh a bhí idir an dá loch — Loch Oirbsean (Loch Coirib anois) agus Loch Lurgan (Cuan na Gaillimhe anois). Sin é an limistéar ó Ghaillimh siar go Ros Muc, agus má bhreathnaíonn tú ar an léarscáil, feicfidh tú go bhfuil Loch Coirib ag síneadh leis ó thuaidh agus Cuan na Gaillimhe ó dheas. Mar sin níor bhréag ar bith Tír dá Loch a thabhairt air. Ar aon chuma bhain na Muimhnigh amach an ceantar seo dóibh féin agus tugadh Dealbha Thíre dá Loch ansin air mar gheall ar an bhfear a bhain amach é, Lugad Dealbhaoth.

Gnó Mór agus Gnó Beag

Bhí beirt mhac ag Lugad seo, Gnó Mór agus Gnó Beag. Roinn siad sin Dealbha Thíre dá Loch eatarthu. Fuair Gnó Beag an píosa thoir agus thug sé a ainm féin, Gnó Beag, air. Fuair Gnó Mór an píosa thiar

agus thug sé Gnó Mór air. Is é Gnó Beag an triantán idir Gaillimh, an Spidéal, agus Maigh Cuilinn. Bhí Gnó Mór i bhfad níos mó — bhí sé ag síneadh ó abhainn an Spidéil siar go Cuan Chill Chiaráin agus suas go dtí an Mám agus as sin soir ó dheas le Loch Coirib go Maigh Cuilinn. Mar sin, sa taobh seo tíre bhí trí cheantar — ó chuan Chill Chiaráin siar bhí Conmaicne Mara — agus is uaidh sin a thagann an t-ainm 'Conamara' inniu — Gnó Mór, agus Gnó Beag. Is é Conmaicne Mara barúntacht Bhaile na hInse agus is iad Gnó Mór agus Gnó Beag le chéile barúntacht Mhaigh Cuilinn.

D'imigh na blianta thart agus fuair clanna áirthid ceannas buan ar na ceantair sin. I gConmaicne Mara bhí Ó Cadhla i gceannas, i nGnó Mór bhí Mac

Uileag Ó Coistealbha

An Chathair,
Indreabhán




Garáiste — Díolacháin Gluaisteáin.

★★★★

Gach saghas deisiú ar gach
déanamh cairr

★★★★★



Conraoi i gceannas; agus i nGnó Beag bhí Ó hAodhnaidh. Tá tagairtí dóibh seo le fáil sna sean-leabhra. Faoin mbliain 663 A.D. deir 'Annála na gCeithre Máistrí' linn go bhfuair Baetan, a bhí ina ab Chluain Mhic Nóis, bás agus gurbh as Conmaicne Mara é. Faoin mbliain 1139 A.D. deirtear linn gurbh é Aodh Ó Cadhla tiarna Chonmaicne Mara. Faoin mbliain 1142 A.D. deirtear linn gur maraíodh Mac Conraoi, tiarna Dhealbha Thíre dá Loch.

Ag an am a raibh Ó Cadhla, Mac Conraoi, agus Ó hAodhnaidh i gceannas siar ó Loch Coirib, nó Loch Oirbsean mar a bhí uirthi an uair sin, bhí Ó Flaitheartaigh i gceannas ar an Achréidh taobh thoir den loch. Bhí na Normánaigh ag brú taobh thoir ar na Flaitheartaigh agus sa mbliain 1256 A.D. bhuail De Burgo (na Búrcaigh ina dhiaidh sin) na Flaitheartaigh agus dhíbir siad siar taobh thiar de Loch Coirib iad. Nuair a tháinig na Flaitheartaigh anoir thosaigh siad ag cur troda ar an dream abhus agus fuair siad an

ceann is fearr ar Ó Cadhla i dtosach agus ina dhiaidh sin ar Mhac Conraoi agus ar Ó hAodhnaidh. Mar sin fuair na Flaitheartaigh ceannas ar an gceantar ar fad siar ó Loch Coirib.

Iar-Chonnacht

Maidir le trí oileán Árann ba le Brianaigh Chúige Mumhan iad go dtí tuairim is trí chéad go leith bliain ó shin nuair a fuair na Flaitheartaigh an ceann is fearr ar na Brianaigh agus thug siad isteach leis an taobh seo iad. Ach fiú amháin roimhe sin, cé gur ag Muimhnigh a bhí ceannas na n-oileán, is mó baint a bhí ag na hoileáin leis "an talamh ó thuaidh" ná le Cúige Mumhan.

Ar an gceantar ar fad, is é an Conmaicne Mara, Gnó Mór, agus Gnó Beag ar ar tugadh le chéile Tír dá Loch, agus oileáin Árann, tugadh an t-ainm Iar-Chonnacht le níos mó ná trí chéad bliain. Anois, faoi dheireadh, cén t-ainm atá ar do cheantar féin?

— Trí déag agus a dó — a cúig déag —

An dara bliain deiridh den chogadh a bhí ann. Bhí ciondál ar beagnach gach earra agus cuimse earraí do-fhaighte. Ní raibh leath-dhosaen carranna sa bparóiste uilig agus formhór na rothar a bhí ann bhíodar caite ina scaoinsí cois claí de dheasca boinn. Bhíodh faire ar an gcladach ar ghaoth ag súil le bruith-fá-thír. An té a n-éireodh meall ruibéir leis — agus bhí corr-cheann ag teacht isteach — bheadh a hocht nó a naoi de phunta agus dhá bhonn Dunlop le fáil aige. B'shin toirtín na haimsire. Ba iad sin blianta na gclogs is an chaife, blianta na mine duibhe is an easba mhóir. Ar a sheans go raibh *Cré na Cille* dá goradh nó ar thob a ginte.

De thoradh trí chluiche a bheith bainte acu bhí foireann peile Mhícheál Breathnach i gcrabh peile shóisear Gaillimh Thiar. Th'éis sin is uile, is beag muiníne a bhí astu. Ba dhoiligh iad a bhailiú i dtoll a chéile, ní raibh páirc ná ciste acu, agus bhí ceathrar nó cúigear acu as baile agus gan mórán súil lena bhfillleadh in am. Ach bhíodar sa geoimhlint. Bhí cárta curtha chuig cúigear a bheith ar pháirc an bháire i nGaillimh ag 3.30 i.n. an dara Domhnach de Mheán Fhómhair. Bhí focal béil tugtha ag an gcaiptín is an Rúnaí — Colm Ó Finneadha — don chuid eile. Thairis sin ní raibh aon cóiriú ina coinne déanta. Ba é gnás is nós na mBreathnach a bheith seasmhach. Bhí tú dílis seasmhach má bhí tú ann. Bí as is bhí i do chúl le cine. Carr amháin — carr Jimmy Bheartla a haighreáileadh agus ní dóigh go haighreáilfí é sin féin murach go raibh ar fhear amháin a bheith ag múineadh scoile sa gCloegeann an lá dar gcionn.

Taca an dó a chlog is ea a tosaíodh ag giorrú an bhealaigh soir — seachtar sa gcairín dearg agus seisear ar rothair. Thart ar Shaile Thúna b'éigean do phaisinéaraí an chairr éirí amach agus cúpla céad slat a shiúl. Bhí an bóthar ina chiseach agus é clúdaithe le spíocáin mhóra ghéara. Ba bheag orthu damáiste a dhéanamh ar bhoinn scáinte! Foghail ní dhearna siad mar spíocáin mar sin féin. Bhí tolladh maith gaoithe aniar ann, ráigeanna troma báistí agus scalladh gréine idir dhá ráig. Ba bheag nach ar thob a sroicheadh Gaillimh ó bhí an chóir soir.

Ba iad "Dóchais na hÉireann" as an mbaile mór a bhí le bheith i ngleic leis na Breathnaigh.

Bhí siad feistithe cóirithe romhainn ar an bpáirc, bealadh faoina n-íoscaidí agus a gcomhairleoirí go cogarnach dá gcur i dtúin chun coimhlinte. Má bhí maith i gcóir is i gcosúlacht ba leo an lá. Bhí an réiteoir ag séideadh is ag fógart go raibh uair na hachainní tagtha. Tháinig na Breathnaigh amach go sleamchúiseach támáilte ina nduine agus ina nduine gan deifir gan deabhadh. Bhí na liostaí gafa agus an roghnú taoibhe tugtha nuair a tháinig an tríú Breathnach déag. Bhí an chéad cluiche á imirt, nó ag tosnú ba chóir dom a rá, le trí fhear déag ach muna mbeadh chúig fhear déag ann roimh thosach an dara leath bheadh an cluiche cailte trí éiric agus fíneáil chúig phunt le cuir ar an gCumann.

Chaith Jimmy Bheartla de agus rinne an ceathrú fear déag. Ag teacht isteach an geata le dul a breathnú ar an gcluiche a bhí Tommy Rua Ó hAilín as Ros a' Mhíl (ach a bhí i nGaillimh ag an am) nuair a himpíodh air seasamh isteach mar chúl báire. Níor loic sé ach níor bhain sé hata ná casóg dhe go ceann chúig nóiméad. "Go easy on them boys when you have a good lead," an comhairle deiridh a chuir ceann feadhain na 'nDóchais' ar a fhoireann. Ní raibh comhairleoir, fear ionad, ná fear gair mholta féin ag na Breathnaigh. Ach ní chreidfeadh ach an té a chonaic céard a tharla. Muna raibh gair mholta ón taobh-líne ní foláir nó bhí na múrtha de ag teacht leis an ngaoth aniar as Cois Fharraige. Spiorad na mBreathnach thiar ar a sheans! Ar aon nós bhuail fíabín peile agus taom dosachta chomhair eicint na Breathnaigh. I bhfad roimh dheireadh an chluiche bhí 'raon madhma' curtha ar na 'Dóchais'. Rinne trí déag agus a dó cúig déag.

Seo a leanas na himreoirí a thug craobh an lae úd leo:

Tomás Rua Ó hAilín as Ros a' Mhíl, atá anois ar shlí na fírinne; Mícheál Mac an Iomaire, Doire Choill; Séamus Ó Fionnagáin, na hAille; Tomás (Lais) Ó Conghaile, na Doireadh; Máirtín Ó Cualáin, Cor na Rón; Pádraic Ó Conaire, Cor na Rón; Colm Ó Finneadha, caiptín, Rúnaí an Chumainn, as an Lochán Beag, a fuair bás cúpla bliain ó shoin; Pádraic Ó Cualáin (Na Breathnaigh), An Lochán; Pádraic Mac



An líne tosaí (c. go d.): M. Mac Donnchadha, P. Mac an Iomaire, É. Mac Coitir, C. Ó Finneadha (Capt.), S. Ó Saorá, M. Ó Coileáin, P. Ó Conaire. Ar cúl: S. Mac Coitir, S. Ó Conghaola, M. Mac an Iomaire, D. Ó Floinn, S. Mac an Iomaire, S. Ó Fionnagáin, M. Ó Fátharta, F. Ó Ceannabháin, T. Ó Conghaola, S. Ó Cuinn, M. Ó Cualáin, E. Ó Coisdealbha, M. Ó Catháin, S. Ó hÍcí.

an Iomaire (Meait), Doire Choill; Mícheál Ó Flatharta, na hAille; Somhairle Ó Saorá, An Cnoc; Beartla Ó Flaitheartaigh (Beartlín Taim), An Lochán; Éamonn (Ned) Ó Coistealbha, na Doireadh; Muiris Caomhánach, Cor na Rón agus Corca Dhuibhne, Ciarraí; Séamus Ó Fatharta (Jimmy Bheartla) na hAille.

Is beag comóradh ná ceiliúradh a rinneadh an tráthnóna sin — ní raibh mórán le cois chúig phunt sa gciste ach má bhí an ghaoth aniar fhéin b'fhurasta rothaíocht ó chrosbhóthar an Mháma go Baile Nua an Chloiginn! Is beag den turas anoir a bhí déanta ag Tom Leais nuair a phléasc an roth tosaigh ar a rothar. Ach ní mba fál go haer é. Bhain sé an roth tosaigh scon scan díreach, cheangail an gabhlóg tosaigh de ghabhlóg deiridh rothair Mhíchíl Mhic an Iomaire agus anoir leo beirt le trí roth ar an mbóthar agus roth eile san aer, agus Corn Gaillimh Thiar dá luasca san aer.

Taobh istigh de leathbhliain bhí craobh sóisir an chontae buaite ag na Breathnaigh — an chéad

foireann Gaeltachta a bhuaigh é, agus an chéad fhoireann as Gaillimh Thiar a bhuaigh é ó bhuaigh Wolfe Tones an Bhaile Mhóir é i 1935. Is fíor go bhfuil foirfiú, forbairt, agus feabhas tagtha ar an gcumann peile ó shoin agus gur thugadar an craobh leo arís i 1954. Tá, mar sin féin, deighilt mí-nádúrtha ar fhairtheoirí de bharr teoranta casta do-thuigthe na bparáistí. Anois agus caoi agus cóir dá chur ar pháirc imeartha ar an gCnoc tiocfaidh Breathnaigh eile le cúnamh Dé a thabharfas craobh Boird agus Contae leo anois ach ina choinne sin is uile beidh cúig déag i gcónaí ionann le trí déag móide a dó

Mícheál Ó Fátharta

Nóta: Cuirfidh Breathnaigh óga an lae inniu ceist cé mar a tharla go raibh triúr ón gClochán atá sa ngrianghraf thuas ag imirt i gCluiche Ceannais an Chontae ina dhiaidh. Triúr saighdiúr sa gCéad Chath a bhí iontu nach raibh cláraithe le aon fhoireann sóisearach sa gcontae agus a chláraigh leis na Breathnaigh ó Chonamara. Bhí Somhairle Ó Saorá sa gCéad Chath freisin agus bhuaigh sé bonn leis an gCéad Chath an bhliain dár gcion chomh fada le mo bharúil.

M. Ó F.



AN PHAIRC NUA PEILE

le Seosamh Ó Neachtain

Sciort brúcht mhór dóibé siar le fána, lean brúcht agus brúisc eile í. Bhí cumhacht an ollscartaire ag aimsiú agus ag alpadh cnocán Gharraí an tSagairt nó gur fhág sí an tulach árd gainimh agus dóibé ina trá chothrom os cionn bog-easca seileastram.


B'fhada an lá páirc imeartha tuartha dá gclann ag pobal an Chnoic agus bhí an chéad bhuile buailte ar son na cúise faoi dheireadh. Ach, a Thiarna Dé — mar is eol don Choiste — ní raibh déanta ach tús ar éigin le obair aimhríoch, anróiteach. Amach rómpu a bhí agus, lena gceart a thabhairt do Choiste na Páirce, ní raibh fuacht, faitíos ná leisce orthu an obair a ionsaí ar bhealach slachtmhar proifisiúnta.

Bhí sean-lead de bhunadh an cheantair a raibh a chuid cnámha féin sníofa ag láí i gcaitheamh a shaoil ligthe isteach ar an gclár ag éisteacht leis an ollscartaire ag búireach is í ag réabadh an chnocáin le fána, 'A Dhiabhail, nach maith é an t-airgead,' a deir sé. 'Nach ann atá an obair.' B'fhíor dhó, i

ndomhnach, airgead a bhí ag teastáil agus cuid mhaith dhó. Thar bhanc a robáil agus, dár brí an leabhair, shíl muid go gcaithfí é sin fhéin a dhéanamh scaití. Níl scéim ná bealach le punt a bhailiú nach bhfuil trialta faoi seo. £30,000 a chosain an Pháirc, nuair a bhí sí críochnaithe amach, agus dá mbeinn ag caint go dtagadh léasrahaí ar mo theanga agus ag scríobh nó go dtagadh trálach i mo rosta, ní fhéadfainn mo bhród, mo mheas, ná mo bhuíochas a léiriú go hiomlán do phobal is do cheantar a chabhraigh agus a chuidigh le chuile leithphingín rua de sin a chur i dtoll a chéile. Ná ba donaide sibh, a phobail ghroíúil, agus a shó faoi chéad go bhfaighe sibh agus bhur gclann in bhur ndiaidh. Ba damanta an meall airgid é le cur i ndiaidh a chéile, ach níor chaill fear an mhisnigh ariamh é.

Ag Bailiú Airgid

Ar na bealaí a triailleadh leis an airgead a thabhairt isteach bhí:



Máirtín Ó Finneadha as an bPáirc ag síniú conradh le Coiste na Páirce leis an bpáirc imeartha a chríochnú. In éindigh leis tá Seosamh Ó Neachtain agus Bearta Ó Finneadha a shínigh ar son an Choiste.

- 1 Siúlóid ó Radio na Gaeltachta go dtí Coláiste Lurgan, rud a d'fhág cnámha leonta agus spiorachaí ar shála.
- 2 Cluichí cártaí sa bPoitín Stil.
- 3 Lá na mBratach — nuair a bhíonn trálach go hascaillí ar feadh seachtaine ina dhiaidh de bharr a bheith ag croitheadh an bhoiscín ar choirnéil is ar chúinní na Gaillimhe.
- 4 Coirm Cheoil sa bPoitín Stil.
- 5 Comórtais Dornálaíochta.
- 6 Raifil bhliantúil.
- 7 Ciorcal airgid bliantúil.
- 8 Bailiúchán ó theach go teach nach bhfuil críochnaithe go hiomlán go fóill.
- 9 Obair dheonach, nuair a chaith an Coiste agus cuid mhaith daoine eile saoire na Nollag ag tolladh na carraige ar taobh thiar na páirce. Cuimhneoidh mé

go deo ar droch-lá gála agus báistí agus sagart Mháirtín Mhoir clúdaithe ó mhullach go sáil ag dusta na carraige. Ní hé amháin go raibh sé go maith ag iarraidh, ach bhí sé in ann lá oibre a dhéanamh freisin.

10 Bingo; ó, a Thiarna, nach agam a bhíodh an ghráin air..

11 Taispeántas scannáin

12 Drámaí.

13 Amach leis an Dreoilín, lá 'le Stiofáin.

14 Céilithe.

15 Díolachán Earraí atá anois ar cheann de mhór-imeachtaí na bliana sa bparáiste. Tá buíochas glactha le chuile dhuine cheana féin agam, ach ní fhéadfainn gan tagairt faoi leith a dhéanamh do Choiste na mBan a chaith oíche sa tseachtain thríd an airnéin ag dearadh agus ag

críochnú a gcuid earraí slachtmara le haghaidh an díolacháin, a shíúil gach siopa agus comhlacht i mbaile mór na Gaillimhe agus gach siopa agus comhlacht ó Ghaillimh chomh fada leis an gClochán ag bailiú le haghaidh an díolacháin earraí. Bhí a shliocht ar an mbliain seo. Bhí £2,600 de theacht isteach as, go bhfága Dia an tsláinte agaibh, a mhná, is pobal slán pobal ar bith a bhfuil bhur leithéid ann.

Cé go bhfuil lompaire maith féir ar an bpáirc, droch-sheans go n-imreofar aon chluiche inti an bhliain seo. Tá an Coiste ag obair ar chomhairle a fuair siad ón bhForas Talúntais. D'fhostaigh an Coiste an Foras le suirbhé a dhéanamh ar an suíomh roimh ré agus lean muid an chomhairle sin ó thaobh draenála, leibhéalú, síol féir, leasú, agus leagan amach na páirce go ginearálta. Moltar dhúinn oiread achair agus is féidir a thabhairt don fhéar óg chun go leathnóidh a chuid phréamhacha agus go bhfásfaidh scrath mhaith ar an bpáirc.

Pinniúr

Tá pinniúr liathróide láimhe agus seomraí gléasta le haghaidh na páirce dhá dtógáil faoi láthair. Cosnóidh an obair seo £21,000, sin £51,000 san iomlán, agus ní ghlanfadh sin muid. Ní mór carr-chlós a dhéanamh agus sconsa a thóigeáil timpeall na páirce. Ní leor an fál atá leis an taobh líne faoi láthair más mian linn cúpla scilling a bhailiú ag an ngeata. Ní chríochnaíonn pleanannaí an Choiste leis sin. Tá timpeall is dhá acra go leith de thalamh an pharáiste

idir an pháirc agus bóthair an rí agus tá pleannanaí móra ag an gCoiste don talamh sin. Ar ndóigh, ní linn an talamh sin fós, ach tá tairiscint mhaith airgid déanta ag an gCoiste don Ard-Easpag ar agus níl ann ach seal ama nó go mbeidh forbairt dhá dhéanamh air, le cúnamh Dé.

Séard atá i gceist ná cupla cúirt leadóige a dhéanamh a d'fhéadfaí a úsáid mar charr-chlós nuair a bheadh cluichí móra sa bpáirc. D'fhágfadh sin an bóthar mór sábháilte agus mar a dteastaíonn sin ar an saol seo. Chomh maith leis sin d'fheifidh páirc bheag a d'fhéadfaí gasúir a bheith ag imirt uirthi, agus an rud is géire ar fad — áit do ghasúir bheaga agus do pháistí le sleamhnáin, deis strapadóireachta, agus luascáin inti. Nuair a bhéas an méid sin críochnaithe — bheadh deis ag óige an pharáiste a gcuid ama saora a chaitheamh go sláintiúil.

Ar ndóigh ní mór buíochas a ghlacadh leis an Ard-Easpag a chur suíomh na páirce ar fáil saor in aisce dhúinn. Sílim go n-aontódh sé gur cuireadh in úsáid mhaith é agus gur threoir é do gach paráiste eile ar an mbealach le talamh an pharáiste a úsáid ar son leas an pharáiste. Beidh fáilte rómhainn ar fad ar árdáin an Chnoic, luath nó mall. Sibhse, a óige, ag maolú macnais sa bpáirc nua ó thuaidh den bhóthair agus sinne a bhfuil na blianta ag breith orainn sínte go bródúil san reilig nua ó dheas den bhóthair.

Go mba fada ag baint sásamh as an bpáirc ó thuaidh sibh ar fad!

Tigh Chualáin

Coill Rua

Teach Tábhairne

XXXXXXXXXXXXXXXXXXXX

Bíodh deoch ar do chompóirt agat uair ar bith is mian leat!



Club Badmantain na Tulaí



Iomaitheoirí Badmantain sna Cluichí Ceannais ar an Tulach 1978.

Tá seacht mbliana bainte amach ag Club Badmantain na Tulaí i mbliana. Is iomaí torann atá bainte as na cláir ag imreoirí as gach ceard de Chonamara, Gaillimh Thoir agus Conamara Theas i gcaitheamh an ama sin. Bhíodh daoine á rá fadó go mbíodh síoga soir siar idir an Caisleán agus Bóthar Loch an Iolra, ach cinnte má théann tú thart timpeall meán oíche tá na síoga fós ann agus bataí acu!

Bhí ré dhorchá ag an Club ar feadh cúpla bliain ach le dhá bhliain anuas tá sé ar bharr a mhaitheasa. Thosaigh an Club i rannóg a ceathair dhá bhliain ó shoin, ansin isteach leo i rannóg a trí, agus i mbliana tá foireann acu i rannóg a dó agus ceann eile i rannóg a ceathair, agus tá foireann eile fós ann atá páirteach i gcomórtas Ros Muc.

Reachtáil Club na Tulaí comórtas nó 'Mini Tournament' faoi Cháisc seo caite agus d'éirigh go breá leis. Páirteach ann bhí foirne as Carna, as Ros Muc, as an gCeathrú Rua, as an Spidéal, agus as an Tulach. Níor scaoil imreoirí na Tulaí ach le trófaí amháin a thug mná Ros Muc leo.

Piocadh Dee Ní Bhrádaigh ar fhoireann na Gaillimhe agus ar fhoireann Chonnacht faoi 18 le gairid. Is ábhar bróid don chlub é imreoir dá gcuid a bheith ar an dá fhoireann sin. Ceaptar nár bhain imreoir as aon chlub i gConamara an onóir seo amach ariamh cheana ach tá súil againn gur ina thus atá an scéal ag Clubanna Chonamara.

Bíonn craic agus scléip ann ach níl rud ar bith nach mbíonn obair agus eagraíocht ag teastáil uaidh agus neart airgid! Tá airgead an-tábhachtach ach faraor níl sé ró-fhairsing. Tá ballraíocht mhaith ag an gClub ach bíonn fáilte i gcónaí roimh bhaill nua ann. Toghtar coiste nua i dtús gach séasúir bhadmantain. Mar a leanas an coiste atá ag feidhmiú faoi láthair:

Cathaoirleach — Gearóid Ó hUallacháin; Rúnaí — Pádraicín Uí Chualáin; Cisteoirí — Caitlín Ní Chonghaile, Caoimhín Ó Flaithimhín; Ionadaithe — Dee Ní Bhrádaigh, Cáit Ní Fhatharta, Seán Bolustrom, Máirtín Ó Fhatharta; Caiptín — Jimmy Bolustrom.

Pádraicín Uí Chualáin



.....Naíscoil Lurgan.....

Bunaíodh an chéad naíscoil i gConamara i 1975 agus seo mar a tharla sé. Tar éis dom naíscoileanna a fheiceáil i Sasana, agus an tairbhe a bhain gasúir astu, chuir mé féin spéis iontu agus bheartaigh mé ar chúrsa traenála a dhéanamh i stiúradh naíscoile. Nuair a d'fhill mé ar Chonamara chonaic mé go raibh easpa mór ar na gasúir bheaga agus, tar éis suirbhé a dhéanamh i measc na dtuismitheoirí, ba léir dom go raibh siadsan den tuairim gur theastaigh naíscoil san áit. De bharr an tsuirbhé seo bunaíodh an chéad naíscoil i gColáiste Lurgan. D'éirigh thar cionn léi agus tá naíscoileanna eile sa Spidéal agus ar an gCeathrú Rua anois. Chonaic Bord na Gaeilge go raibh naíscoileanna riachtanach i gConamara agus cheap siad feitheoir le naíscoileanna eile a bhunú.

Céard is naíscoil ann? Bhuel, is é cuspóir naíscoile féinmhuinnín a chothú i ngasúir réamh-bhunscoile le go mbeidís in ann meascadh le chéile gan faitíos. Tríd an súgradh naíscoile foghlaimíonn siad go leor scileanna éagsúla agus forbraíonn siad teanga, éisteacht, comhordú, fiosreacht, grinneas, agus foghlaimíonn siad len iad féin a chur in iúl.

Cén chaoi a múnlaíonn tú na tréithe seo i ngasúr? Le grúpa beag gasúr bíonn an stiúthóir in ann am a chaitheamh leo — ag éisteacht leo, ag caint leo, ag

inseacht scéalta dóibh — rud atá fíor-thábhachtach don ghasúr. Níl sé éasca ar mháthair cead a thabhairt dóibh a bheith ag 'messáil' le uisce, le péint, le gliú, le siosúr, srl. Ní bhreathnaítear air seo mar 'mhessáil' sa naíscoil mar is ó na heachtraí seo a fhoghlaimíonn siad le úsáid a bhaint as na matáin a theastóidh uathu ar ball le breith ar pheann luaidhe agus an comheagar a theastóidh idir láimh agus súil. Cuidíonn míreanna mearaí, bricí, cártaí, dúradáin, agus pionnachláir leo le pátrúin a leanacht. Teastaíonn na scileanna seo uathu le léitheoireacht a fhoghlaim.

Ag fágáil an teaghlaigh ina dhiaidh dó, foghlaimíonn an gasúr le meascadh agus le imirt agus le caidreamh a bheith aige le daoine eile agus faigheann sé é seo sa naíscoil. Ag 'dul ar scoil' don ghasúr naíscoile, ní bhíonn an t-athrú chomh coscrach mar bíonn muinín aige as féin.

Bíonn neamhspleáchas le feiceáil ina gcuid cluichí samhlaíochta mar a fheictear ón gcaoi ina samhlaíonn siad gur daoine fásta iad. Ar an gcaoi seo bíonn tuiscint ag an ngasúr ar dhaoine eile.

Is trí chomh-imirt agus trí chomh-oibriú a fhoghlaimíonn gasúir. Tá sé cruthaithe gurb é súgradh obair an pháiste.



An Caisdeach Bán

Thug mé an ruaig údan ó mbullach na Cruaiche
Chugat anuas 'un an tSléibhe Bháin
Ar thuairisc mo chailín a d'fhág m'intinn buartha
Agus rinne sí gual dubh dhe mo chroí in mo lár;
D'at mo ghuaillí go snuich mo chluasa
Agus fuair mé fuagra glan géar ón mbás,
Is níl duine dhá gcuala mo scéal an uair sin
Nachar dhúirt go mba trua bocht an Caisdeach Bán.

Ar cheann an staighre tá plúr gach maighdean
'Sí siúd meidbreog an bhrollaigh bháin.
Is trua nach liom í gan buaibh ná punt léi,
Is í bheith gan chuntas liom ar láimh.
Dbéanfainn teach mór dhi ar shúil an bhóthair
Agus chuirfinn cóiste faoina clainn,
Is a chúilín ómra, dhá mblightheá bó dhom,
In do cheangal fómhair ní chuirfinn suím.

Nach aisteach an réasún le gur chuir tú i gcéill dom
Nach bhfásfadh an féar thríd an talamb aníos,
Nach ndéanfadh an ghealach solas d'Éirinn
Is nach lasfadh na réalta i dtús na boíche?
Níl brí ná spreaca i dteas na gréine
Is go snámha na béisc ar an muir gan braon;
Is go n-éirí na tuilte chomb hard leis na sléibhte,
Go deo ní thréigfidh mé grá mo chroí.

Agus bhí mé seal ag foghlaim Béarla,
Agus dúirt an chléir go mba mhaith mo chaint,
An fhad úd eile gan unsa céille,
Ach mar na béiníní faoi bharr na gcrann.
Amuigh san oíche gan foscadh ná dídean,
Agus sneachta dhá shíor-chur faoi íochtar gleann;
'Gus a chúilín donn-deas ar chaill mé na gráimh
leat,
Nár fhaighe tú na grástaí mura n-éalaí liom.

Bhí mé i gcolaiste go ham mo bhearrtha,
Agus ins an ardscoil ar feadh chúig mbliain,
Go bhfuair mé oideachas agus combairle ón Eaglais
Ach faraoir craite bbris mé thríd,
Is rí-mbór m'fbaitíos roimh Rí na nGrásta!
Nach bhfuil sé i ndán go dtiocfad saor,
Mar is mó mo pheacaí ná leath Chruach Phádraig,
Mar gheall ar ghrá a thug mé d'iníon mbaoir.

Siúd í tharainn í an eala bhán-deas
Agus í chomb gléasta le bean ar bith.
Trua mar gineadh í i mbroinn a máthar,
Mar is le baghaidh mo bháis a rugadh í.
Níl bun cíbe ná tulán timpeall,
Ná gleanntán aoibhinn a mbíonn mo ghrá,
Nach bhfuil ceol dá sheinm ann de ló is d'oíche,
Is go bhfóire Críost ar an gCaisdeach Bán!

Aisling bhréagach a facthas aréir dhom,
Go raibh mé m'aonraic ar leaba chlúmbach,
Go dtáinig an spéir-bhean is gur shín sí taobh liom —
Ba deise féachaint agus leagan súl.
Bhí com míl cailce aici mar choinnill léimní,
A folt go féar léi ag fás go dlúth,
Bhí an bhráid ba gile aici ná an sneachta ar thaobh
cnoic —
'Sí bhásaigh mé agus na céata liom.

Aisling bhréagach a chonacthas aréir dhom
Agus gheir sí mé thrí lár mo shuain
Go raibh ainnirín chaoim-deas na gcíocha
cruinn-gheal
Sinte síos liom taobh ar thaobh.
Ar iontú tharam dhom go tapa lúfar,
'Un breith ar chúl uirthi bhí tanaí tréan,
Ní bhfuair mé agam ann ach binn don tsúsa,
Agus d'fhága sin brúite mé le mo shaol.

Máirtín Pheaitis a sholáthraigh

P. MAC AN RÍ TEO. CNOC, INDREABHÁN

Togha agus Rogha
Earraí agus Dea-Mhargaí



Go n-éirí go geal le 'Biseach'

Cath an Chnoic 1879

Bhí fómhar na bliana 1879 an-dona agus an barr íseal dá réir. Ba é seo an tríú bliain i ndiaidh a chéile don fhómhar a bheith go dona de bharr droch-aimsire. De réir an tseanfhocail bhí dhá rud nach raibh dul uathu: "cíos do thiarna nó bia do leanbh". Muna mbeadh an cíos don tiarna ní raibh an dara rogha ag daoine ach taobh an bhóthair a bheith acu.

Ar an deichiú lá de mhí na Nollag 1879 thug John Tully agus a mhac, Liam, aghaidh siar ar Chois Fharraige. Bhí próis is fiche ina phóca ag Tully le cur suas ar dhoirse na ndaoine bochta i gceantar an Chnoic. Fógra a bhí sa bpróis go gcuirfí an duine a bhí ainmnithe air as seilbh i gceann roinnt áirithe laethanta. Is cosúil nach raibh sean-Tully ag súil le trioblóid dá laighead — ní raibh in éindí leis ach beirt phóilíní. Cén chúis tuille phóilíní a bheith á chosaint agus muintir Chois Fharraige chomh cleachtach sin le ceird Tully leis na blianta fada! Is tuisce a chuirfeadh siad suas le bás ar thaobh an bhóthair ná masla a thabhairt don tiarna talún, an Coimíneach! Ach ba ghearr go mbeadh athrach poirt ann.

Pat Conneely

Ar an gCnoc a chuir Tully tús lena chuid oibre nuair a shín sé próis chuig gasúr óg le Pat Conneely. Ní tuisce an phróis sínte uaidh aige ná siúd thart ar chéad fhear a bhí i bhfolach taobh thiar de chnocán. Buaileadh sean-Tully agus na póilíní go dona agus stróiceadh na próiseanna. Rith mac Tully le cuid de na próiseanna. Bhí cuid de mhná na háite páirteach sa troid — stoca an t-arm a bhí ag bean amháin agus cloch thíos ann. Sea, bhí an buille buailte ach chaithfí íoc go daor as.

Gabhadh cuid de na fir ach bhí cuid eile acu a chuaigh ar a dteitheadh agus an tóir ina ndiaidh. Ar ndóigh bhí aithne mhaith ag Tully agus ag na póilíní ar an dream a bhí páirteach sa mbualadh.

Bhí fear bocht ina chónaí ar an gCnoc a dtugtaí Máirtín Ceannaí air. Nuair a tháinig na póilíní isteach chuige Oíche Nollag á cheistiú faoi na fir a bhí ar iarraidh thosaigh Máirtín ag béiceach os ard ag rá, "Ara, a Sháirsint, ní cheapann tú go raibh aon bhaint agamsa leis an troid."

Ní le teann faitís ná feirge a bhí Máirtín ag béiceach ach ag tabhairt rabhaidh do Stiofán a bhí ina chónaí ó thuaidh dó go raibh an tóir chuige agus gurbh fhearr dó na garrantaí thabhairt air féin. Tar éis scaithimh thug na fir a bhí ar a dteitheadh suas iad



Seán Ó Mainnín

féin agus tugadh os comhair na cúirte sa Spidéal iad i dtús mí Eanáir na bliana 1880. Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí scéala sa bpáipéar go raibh Very Rev. Fr. Kilkenny, Uachtarán Choláiste Iarlatha ag déanamh eagarghuí ar son na bhfear. Dúradh go raibh Fr. Kilkenny ar saoire i dteach a uncail, an Canónach Ó Liatháin, Sagart Paróiste an Chnoic.* San eagrán céann den pháipéar bhí nóta eile ag bréagnú an ráitis sin.

An Ceathrú-sheisiún

Cuireadh siar an chúis go dtí Seisiún na Féile Pádraic den Cheathrú-sheisiún i nGaillimh i ndeireadh Mí Márta, 1880. Tháinig an Coimíneach, an tiarna talún, i láthair na cúirte. Thug sé cáilíocht mhaith ar na fir a bhí ar a dtrial agus dúirt sé gurbh é a thuairim nach é amháin go raibh sé ráite leo páirt a ghlacadh sa troid ach gur in aghaidh a dtola a bhí siad páirteach ann.

*Bhí Fr. Kilkenny ina shéiplíneach ar an gCnoc nuair a bhí sé ina shagart óg. Tá cailís ar a bhfuil a ainm i séipéal an Chnoic.

Céard eile a d'fhéadfadh an fear bocht a rá! Is fiú éisteacht leis an méid a mhionnaigh duine díobh siúd a tóigeadh, is é sin Liam Phádraic (Liam Clancy). Mhionnaigh sean-Tully ar Liam Phádraic gur bhuail sé go damáisteach i nGleann an Chnoic é agus tar éis é a bhualadh, gur chaith sé síos sa srutháinín é. "Trócaire go dtuga Dia dho m'anam," arsa Liam, "níor leag mé láimh air ach an oiread leis an té atá curtha ach scoilt mé a mhac le iarraidh de bhun gabáiste."

Nuair a bhí na fianaisí uilig tugtha mhol an giúire gan a bheith ró-dhian ar na fir. Nuair a bhí an breitheamh ag tabhairt a bhreithe, dúirt sé gur chuir sé san áireamh an méid a dúirt an giúire agus an tiarna talún. "Mar sin fhéin," ar sé, "ba fíor-dhroch-rud a rinne na fir. Rinne siad ionsaí ar an sean-fhear, Tully, agus bhí a chloigean agus a éadan chomh gearrtha sin go raibh sé i mbaol báis. Gearradh cloigeann an phóilín chomh maith. Ní bheadh dhá bhliain príosúin sách maith ag na fir seo. Ba mheasa fós an scéal nuair a tháinig slua acu le chéile chun an droch-ghníomh a dhéanamh".

Téarmaí Príosúin

Ansin ghearr an breitheamh téarmaí príosúin in éindí le daor-obair mar a leanas: Marcus Ó Conghaile (10 mí), Colm Ó Céide (8 mí), Seán Ó Fátharta (4 mhí), Peadar Ó Conghaile, Liam Clancy, agus Beartla Ó Cadhain (3 mhí an duine), Máirtín Ó Conghaile agus Mícheál Ó Féinne (6 mhí), agus Stiofán Ó Conghaile (2 mhí), In éindí leis sin cuireadh bannaí 2 bhliain ar gach aon duine acu. Ligeadh beirt saor, Seán Ó Cadhain agus Séamas Ó Flatharta (Larry), mar nach raibh mórán fianaise ina n-aghaidh.

Ní túisce an bhreith tugtha ná tháinig gobharnóir an Phríosúin, agus fórsa láidir póilíní leis, chun na príosúnaigh a thabhairt ó theach na cúirte trasna Droichead an Phríosúin go príosún na Gaillimhe mar a mbeadh orthu an chéad oíche a chaitheamh sul má d'aistreofaí iad go pé príosún a bhí i ndán dóibh. Bhí saol crua rompu — briseadh cloch, ocras, agus an tread mill.

Bhí cuid acu as a sláinte nuair a bhí a dtéarma thuas. In éindí le fir an Chnoic bhí na fir ón gCeathrú Rua a fuair téarmaí príosúin mar gheall ar achrann den chineál céanna. Lean slua mór dá gcairde agus dá ngaolta na príosúnaigh chomh fada le geata an phríosúin agus, mar a deir tuairisc an pháipéir, bhí caoineachán na mban ó Chonamara le cloisteáil go soiléir i measc na ndaoine eile a bhí á leanacht.

Seán Ó Mainnín,

An Leipreachán

Bhí leipreachán ann nuair amháin,
Bhí sé ina chónaí faoin gcrann.
Do labhair sé liom lá amháin,
Ón doras beag faoin gcrann.
Ó, céard a dúirt sé? Níl fhios a'm,
Ach bhí sé beag lena chaipín bán.
Ní maith leis arán ná bainne ná dán,
Ach is maith leis a bheith ina shuí sa sruthán.

*Pádraicín Phuirséal,
Lochán Beag,
Indreabbán.
(8 mbliana)*

Mo Chat

Bhí cat beag agam.
Agus bhí sé ina shuí,
Ach fuair sé bás
Agus é ina luí.

Bhí sé chomh deas sin
Agus é buí
Gur chuir mé sa talamh é
Agus é ina luí.
*Dara Ó Baoill,
Teach Mór,
Indreabbán.
(8 mbliana)*

An tÓl

Bíonn daoine ag ól
Ó mhaidin go hoíche,
Ní stopann siad ariamh
Go mbíonn siad caochta.
Ólann siad pórtar —
Ní ólann siad tae.
Ólann siad gach rud
Ach amháin caifé.
Bíonn siad ar meisce
'S bíonn siad ag ól,
Ní stopann siad ariamh.
Beidh siad faoi bhrón.
Is is cuma leo,
Ní stopann siad ariamh,
Go deo, deo, deo.

*Feargal Ó Béarra,
Both Chuanna,
(8 mbliana).*

ÉIGSE SCOILE

An Fharraige

Ag siúl dom cois na farraige,
Is an ghaoth ag séideadh aniar,
Bhí aoibhneas i mo chroí,
Agus luathacht i mo chois céim.

Bhí gaineamh garbh faoi mo chois
Agus gach uair a thógainn céim
Bhíodh lorg mo bhróga le feiceáil
Sa ngaineamh úr cois trá.

Shuí mé síos ar charraig,
Bhí faoileáin ag eitilt os mo chionn,
Bhí gach gráig a chuir siad astu
Le cloisteáil mar a bheadh macalla.

Bhí na héisc ag léimneach ins an uisce,
Ag lapaireacht le ríméad,
Is beag a cheap siad
Go raibh iascairí ar a dtóir.

Amach ar m'aghaidh bhí báidín
Ag dul soir le gaoith;
Ag cur is ag tarraingt an t-eangach
Agus ag guí go mbeadh ann scoil.

Inniu bhí an fharraige mar ghloine,
Bhí sí gorm faoi lonnradh na gréine,
Bhí na báid agus curachaí ag seol
Agus an radharc ag dul in áilleacht.

Ach ní mar sin a bhíonn i gcónaí:
Bíonn athrú uirthi, sa nGeimhreadh;
Bíonn a tonnta go fiáin feargach,
Ag briseadh agus ag leagann.

Is iomaí anam duine
Atá sa mhuir mhór,
Is iomaí máthair ag caoineadh,
Mar gur thug sí uathu athair nó mac.

*Stiofán Ó Donncha,
Cor na Rón,
Indreabbán.
(12 bhliain)*

Cois Farraige

Lá breá gréin
agus an ghrian ag taitneamh,
mé i mo sheasamh ag
iascaireacht cois fharraige,
bhí na tonnta féin ciúin,
agus na faoileáin ag scradach;
bhí na bric ag piocadh,
an dorú ag fáil ceangailte
i gcloch mór cruinn,
Níl aon iasc ann inniu,
a deirim liom fhéin.
Tá siad amuigh san doimhneach
agus i bhfad i gcéin.
Beidh mé anseo amárach le cúnamh Dé,
is meallfaidh mé an t-iasc le baoite mór bréan.
*Diarmuid Ó Flatbarta,
Baile an tSléibhe,
An Spidéal. (10 mbliana)*

An tEarrach

Nóinín, sabhzeirín, is caisearbhan buí,
Fásann siad go flúirseach in aice an tí.
Itheann beithígh iad cé gur trua,
Ach fásann cinn óga is fásann cinn nua.
Ins an Earrach a tharlaíonn sé seo,
Nuair nach dtagann aon sneachta nó sioc,
Ach an ghrian ag soilsiú go hard sa spéir,
Is mise 'mo shuí go sona sa bhféar.
Bíonn duilleoga glasa ar gach crann.
Tá gach seancheann imithe — buí agus donn —
Mar tá séasúr álainn nua anseo,
Agus 'sé an t-ainm atá air ná an tEarrach.
Bíonn fir ag obair go crua sa ngarraí
Ó mhaidin go hoíche ag cur na mbarraí.
Feiceann na gsúir blátha beaga buí
Is bailíonn siad cuid dá Mamaí.
'Sé an tEarrach an séasúr is deise sa mbliain,
Blátha, sceacha, féar, is crainn,
San Earrach álainn a d'fhás siad uilig,
'Sé an trua anois go bhfuil siad imithe.

*Niamh Ní Bbaoill,
An Teach Mór.
(11 Bhliain)*

C.M.E. TEORANTA

Fearas le haghaidh an Bhainc Cheannais



Le deireanas cheannaigh an Banc Ceannais coinsíneacht scipéad speisialta airgid ó C.M.E. Teo., Indreabhán — an t-aon chomhlacht fíor-Éireannach a dhéanann an fearas seo.

Soláthraíonn C.M.E. Teo. réimse leathan trucaílí agus iomparán sábhála airgid agus taisceadán sábhála oíche do Bhanc Aontas Éireann, do Bhanc na hÉireann, agus do chomhlachtaí eile. Roimhe seo, b'éigean fearas den chineál seo a cheannach thar lear.

Déanann C.M.E. Teo. fearas comhadaithe le haghaidh ospidéal agus saotharlann, agus easportáiltear go dtí na Stáit Aontaithe agus go dtí Mór-roinn na hEorpa iad. Ar na rudaí eile a tháirgíonn siad tá cásanna ríomhairí agus páirteanna

miotail le haghaidh thionscal na leictreonaice.

Tugann C.M.E. Teo. aire ar leith do riachtanais na gcomhlachtaí nua idir-náisiúnta atá bunaithe in Éirinn agus féachann siad le cinntiú go mbeidh soláthar cásanna mionchruinne d'ard-chaighdeán ar fáil in Éirinn do na comhlachtaí seo.

Mar thoradh ar an tacaíocht a fuair C.M.E. Teo. ó na comhlachtaí sin, d'éirigh leo 20 duine breise a fhostú le bliain anuas.

Sa bpictiúr, feictear Mícheál Uasal Mac Oireachtaigh, Stiúrthóir Bainistíochta C.M.E. Teo. ag tabhairt na n-eochracha do Bhrian Uasal Ó Murchú, Banc Ceannais na hÉireann.

AN CORNÚB

An 21 Nollaig, 1922, a thárla an eachtra seo ar Chladach an Locháin

Tháinig sí trasna an bhfarraigí tréana,
Threabh sí na réigiúin ó thuaidh agus ó dheas,
Anoir as an Aifric ó thalamh na hEipte—
Tír mhór na bhFéaró a bhí faoi réim san tseanreacht.

Chonaic sí críocha a raibh an ghrian ann go gléinneach,
Na máirnéalaigh ag scréachaíl is ag fáil bháis leis an tart,
Míolta na mara is an eascann ocht ngéagach,
Sin 's liamháin ghréine ina gcéadta go beacht.

Chonaic sí an áit a raibh torthaí ar ghéagáin
Chomh fairsing le spré mhóin i dTulach an Leathair,
An mhil sna caisí is sliogáin faoi phéarlaí
Is an fia ann ag léimneach go glúine i bhféar glas.

Tháinig sí 'Gaillimh i ndeireadh an tséasúir
Le lastas is éadail ó Ghlasú isteach,
Lochtaigh sé an caladh i gcomhair Tigh Tommy Réamainn
Is thug sí obair le déanamh do na fir ag na docks.

PROINSIAS Ó SEACHNASAIGH

Ceantálaí agus Luachálaí

Gníomhaire Eastáit

Seirbhís Iompair Phoiblí

AN CNOC, INDREABHÁN
Fón: (091) 73104.

Shéid an ghaoth aniar go tolltach ar thréan-mhuir
Ruaig sí na héanlaith' thar Thulach an Leathair,
Rinne sí cipín den rata agus smúdar den taobhán
Is chuaigh curachaí na "Féasóige" go Clochar na gCat.

Comhairlíodh don chaipitín ar maidin an lae sin
Fanacht go dtealtaíodh an gairfean seal,
Ach ar a raibh d'ór buí i nGaillimh ní fhanfadh 's ní ghéilleadh
Nó go bhfeicfeadh sé Séamas nár leig aon néal thart.

'Teacht anoir ag an iothlainn, bhí an fharraige spréachta
Bhí Jack agus Séamas thíos i ndiaidh raic',
Thug an tUascán di sinneán agus an Molt ina dhiaidh sin
Is gur ar Charraig Uí Fhinneadha sea rinne sí staic.

Chruinnigh na Locháin is gach a raibh ar an bhFéasóig
Seandaoine is naonáin, scorach is fear,
Séideadh an buinneán agus chuaigh fios ar an tréanfhear
Mar is ann a bhí an intleacht, an mheabhair, is an neart.

Scaoileadh na scolaí is an óige fré chéile,
Ní raibh fhios céard í an éadail nuair a thioctadh an caipitín isteach,
Níl ríocht is níl réigiún nach gcuirfeadh sé i gcéill dóibh,
Airm is naivies, fir dhubh 'is fir gheal'

Sheas an caipitín go stáidiúil ar dhroichead an loing bháite,
Chuaigh sé de sheárta anonn go dtí an stiúir,
Shíl sé í ardú ach chuaigh púir dheataí in airde
Is a raibh de ghual sa nGearmáin ní réiteodh sé an chúis.

Bheithfeá in Árainn is thiar i gCoill Sáile,
Fad is chaitheadar ag falróid ar bord an Chornúb,
Ach nuair a facthas na báidíní caol' fada bána
Ba léir go raibh an lá sin le Carraig an Róin.

Tháinig an máta is an caipitín ina theannta
Is an fhoireann ba bhreátha dár sheol ar an gcuan,
Bhailigh na sluaite ansiúd ag croitheadh láimh' leob
Ach bhí a leath deiridh in airde ag an "S. S. Cornúb."

Cóil Learaí

chosnóidh an deisiú seo ach tá súil againn nach mbeidh orainn pingin rua a iarraidh ar mhuintir na háite lena haghaidh.

Coiste an Uisce

Ba fo-choiste de chuid an Chumann Forbartha Coiste an Uisce. Rinne Coiste an Uisce an grúpscéim uisce ba mhó sa tír ag an am sin ach tharraing sé caint an oiread deontas a fháil don scéim sin agus a d'íoc na conraitheoirí — Comharchumann Chois Fharraige. Tá na deontais faighte anois do scéim Bhaile na mBrabhach agus nuair a bhéas an scéim seo críochnaithe beidh uisce tugtha do chuile theach le cladach a bhí dá iarraidh.

Cuireann an Cumann brú ar na Ranna Stáit, ar an gComhairle Contae, agus ar eagrais stáit, seirbhísí ó sraidhpeáil talúna go deasú bóithre a dhéanamh san áit. Tá an reilig nua oscailte faoi dheireadh ach níl an bóthar ó dhroichead an Spidéil go ceann bhóthar na céibhe leathnaithe fós, tar éis an méid tráchta a bhíonn idir an droichead agus an chéibh i gcaitheamh an tsamhraidh.

Coiste na Páirce

Tá páirc pheile agus pionúir liathróide láimhe dá

Siobhán Bn. Uí Fhatharta

An Lochán Beag



GRUAIGEADÓIR

Fón: 73121

ndéanamh i dtalamh an tsagairt ar an gCnoc. Cosnóidh an obair seo os cionn £60,000 agus tá an chuid is mó den airgead sin bailithe ag Coiste na Páirce. Tá deontas faighte ó Roinn na Gaeltachta le haghaidh na hoibre agus friothadh an talamh saor in aisce ón Ard-Easpag.

D'eagraigh mná na háite díolachán earraí chuile Nollaig le cúig bliana agus rinne siad os cionn £2,500 brabach ar dhíolachán na bliana seo caite amháin. Thug an Cumann Forbartha an méid airgid a fuair siad ó Ghaeltarra ar shuíomh Mheic Teo i dteannta le duaiseanna Chomórtas Forbartha Pobal Ghaeltarra Éireann do chiste na páirce freisin.

Éilimh

Obair a chur ar fáil sa mbaile do na daoine óga an príomh-aidhm a bhí againne le blianta fada. Bhí, agus tá, fáilte san áit seo roimh aon duine a thugann saothrú do dhaoine. Uaidh seo amach beidh an cumann forbartha ag iarraidh ar Ghaeltarra Éireann, ar a gcomharba, agus ar na húdaráis eile atá ag déileáil leis an nGaeltacht:

1. Cumhacht iomlán a thabhairt do mhuintir na Gaeltachta i riaradh a ngnáthí féin;
2. Gan aon forbairt a dhéanamh a neartóidh an

TIGH TUOHY

Ostán Salerna

Ól do dheoch ar do chompóirt



Fón: 73101

Ghaeltacht agus a chuideoidh le muintir na háite;
3. Gur trí chomharchumann, agus nach trí chaoirigh dhubha nach bhfuil suim acu i muintir na háite, a dhéanfar aon fhorbairt gur féidir uaidh seo amach. Sé Cumann Forbartha Chois Fharraige an chéad choiste paráiste a d'iarr Údarás Gaeltachta agus a d'eagraigh Coistí Pobail Chonamara i gComhchoiste. Is é freisin a chuir bun faoi thoghcháin daonlathacha na gCoistí.

Sé Cumann Forbartha Chois Fharraige an chéad choiste paráiste a d'iarr Údarás Gaeltachta agus a d'eagraigh coistí pobail Chonamara i gcomhchoiste. Is é freisin a chuir bun faoi thoghcháin daonlathacha na gcoistí.

An Comharchumann

Cinnteadh seo go neartófar an Ghaeltacht. D'fheicfeadh dall gan súil an leas atá déanta ag Comharchumann Chois Fharraige san áit seo ach is éasca do Bhéarlóirí atá i mbun tionscal sa nGaeltacht airgead a dhiúl as sparán Ghaeltarra ná aon Chomharchumann Gaeltachta. Ní mór cuimhneamh gurb iad na scarshealbhóirí crann taca na gComharchumann agus go bhfuil go leor oibre déanta ag comharchumann sa nGaeltacht le trí bliana déag. Is ar an riachtanas áitiúil a dhéanann sé freastal agus tugann na coistí chuile chúnamh don bhainistíocht.

An Ghaeilge

Cé go bhfuil an Cnoc ar cheann de na paráistí is mó Gaeilge sa tír níl aon chinnteacht go mbeidh an Ghaeilge beo ann faoi cheann leathchéad bliain. Tá tuismitheoirí as éadan ag ceilt na Gaeilge ar a gcuid gasúr cé nach mba aon ualach orthu í a bheith acu. Is deacair an mhíthuiscint seo a thógáil ar mhuintir na háite nuair atá Gaeltarra agus daoine atá ag obair don stát ag marú na Gaeilge ar an teaghlach agus ag déanamh láchaín léi go poiblí.

Is fiú d'aithreacha agus do mháithreacha a chinntiú go mbeidh togha an Bhéarla ag a gcuid gasúr ach mura mbeidh an Ghaeilge freisin ón gcliabhán acu ní bheidh ionga ná orlach farrasbarr acu ar a gcomhaoiseannaí sa nGalltacht — má bhíonn siad chomh maith ar chor ar bith leo. D'fhéadfadh faisean seo an Bhéarla an paráiste seo a ghlanadh do léarscáil na Gaeltachta. Má tharlaíonn sin ní bheidh obair ná airgead chomh fairsing san áit is atá faoi láthair. Tá sé in am againn cuimhneamh ar sin.

SPAILPÍNTEACHT

Chaith mé seal mar spailpín tráth,
I mBaile an Chláir taobh thoir de Ghaillimh,
As sin soir go Caisleán Gearr,
Tamhain, is Mearaí, is Caisleán Lampairt.

Gan bhrón gan bhuairt, i m'óige tráth
Is iomaí áras ar chaith mé seachtain,
Shiúil mé liom ó bhun go barr
Ó d'fhágainn Mearaí go dtéinn go Creachmhaoil.

Is iomaí taisteal fada is gearr,
Bóithrí míne is Creagáin gharbh,
Trasna páirce ó áit go háit,
Ach ar Bhaile an Chláir ba mhian liom tarraingt.

Ó dhubh go dubh is ó réalt go réalt'
's ansiúd sa bpáirc go dtí am leapan,
Ní fios dhom fós 's ar chaith mé ann
An dubh nó bán a bhí na ballaí.

Nach mór é a saint, a maoin, is a stór,
Feilm mhór le gabháltas 's acraí,
Ach breathnaigh romhat níl sa saol ach ceo
Ní bheidh a'inn fós ach leithead ár ndroma.

Gluaisim liom 's mo mhála i gcóir,
Is beagán lóin bhíodh a'm le haghaidh an bhealaigh,
Thosaínn thíos ag Cairn Mhór
Nó go dtéinn ag ól i mBaile an Teampaill.

Nuair a bhí an t-am thuas i dteach an óil
'S na piontaí lán ansiúd im'aice,
Ansin ar bórd le gach saghas óil
Fuisce, fíon, rum, ale is brandaí.

D'iarras spás ar fhear an óil
"Fan go fóill go n-ólfad scallach"
"Sin é an doras; níl am ainm dó.
Bí 'muigh go beo agus gluais go tapáí.

Máirtín Ó Currín
Na hAille.

CLUB LURGAN

Is é Club Lurgan an club don óige, idir chailíní agus bhuachaillí, sa bparáiste. Tá an t-ádh orainn sa mhéid go gcuireann an Comharchumann Coláiste Lurgan ar fáil agus, dá bhrí sin, tá áit againn le teacht le chéile atá ar a laghad chomh maith le club óige ar bith eile sa nGaeltacht.

Structúr an Chlub

Tá an club ar oscailt do dhaoine óga atá idir trí bliana déag agus ocht mbliana déag d'aois ach níl aon rial dhaingean againn faoi na haoiseanna sin agus cuireann muid fáilte roimh dhaoine níos óige ná sin nuair a bhíonn imeachtaí ar siúl againn a bheadh feiliúnach agus suimiúil dóibh. Chomh maith leis sin, cuireann muid fáilte roimh dhaoine níos sine, ach iad a bheith sásta glacadh lenár bpolasaithe.

Cuireann muid fáilte ar leith roimh thuismitheoirí na mball agus mhaith linn a chur in iúl dóibh go mbeadh áthas orainn iad a fheiceáil am ar bith le linn ár gcuid imeachtaí.

Leis an bhfírinne a rá, ba mhaith linn a iarraidh ar thuismitheoirí bualadh isteach chugainn anois agus arís.

Tá coiste i mbun an Chlub agus is iad na baill iad féin a thoghann an Coiste. Roghnaíonn baill an Choiste na hoifigigh astu féin tar éis dóibh a bheith tofa. I mbliana is iad **Seán Ó Cualáin**, Teach Mór Thiar; **Seosamh Ó Cualáin**, Teach Mór Thoir; **Máirín Nic an Iomaire**, Cor na Rón, agus **Máire Ní Cheannabháin** na hoifigigh. Tá roinnt daoine fásta ar an gCoiste freisin: **Mícheál Ó Ceannabháin**, **Colm Ó Finneadha**, **Ruairí Ó Tuairisc**, agus **Brian Ó Baoill**.

Polasaí agus Gníomhaíochtaí

Tá an Club ag iarraidh cúnamh a thabhairt do dhaoine óga a gcuid ama saor a chaitheamh go tairbheach agus go taitneamhach. I gcás ár gClub féin tá trí príomh-ghnéithe ann:

Spórt .i. Leadóg Bhoird agus Púl faoi **Sheosamh Ó Cualáin** agus **Mícheál Mac Diarmada** agus Dornálaíocht faoi **Cholm Ó Finneadha**.

Cultúr .i. Drámaíocht faoi **Sheán Breathnach** agus Damhsa faoi **Mháirín Ní Cheannabháin** agus **Mícheál Ó Ceannabháin**.

Forbairt .i. déantar iarracht na baill a fhorbairt trí dhualgais a chur orthu agus trí ligean dóibh a bheith páirteach i riaradh an Chlub.

D'fháiltíodh muid roimh aon duine a bheadh sásta

teacht agus cúramh a ghlacadh i gcás roinnt imeachtaí eile. Tá géarghá le daoine a bheadh sásta péintéireacht, ceol, agus aclaíocht a mhúineadh do chailíní. Ó tharla go bhfuil sé mar pholasaí ag an gClub chuile shórt a reachtáil trí Ghaeilge amháin, theastódh go mbeadh Gaeilge mhaith ag aon duine a bheadh sásta cúnamh a thabhairt dúinn.

Má tá scil agat agus má tá tú sásta uair a chloig a thabhairt d'óige an pharáiste, uair amháin in aghaidh na seachtaine, an mbuailfidh tú isteach chugainn Aoine ar bith idir 8.00 i.n. agus 10.00 i.n.?

Chomh maith le bheith ag gníomhú inár bparáiste féin, tá sé mar pholasaí againn a bheith páirteach i ngluaiseacht ghinearálta na n-óg agus chuige sin tá muid inár mbaill de Chomhchoiste Chonamara de na hÓg-Chlubanna agus, tríd sin, inár bhaill de Chónascadh Náisiúnta na nÓg-Chumann. Cuireann sé seo muid i dteagmháil le daoine óga eile ar fud na tíre.

Ba mhaith le Coiste Chlub Lurgan níos mó teagmhála a dhéanamh le clubanna do dhaoine óga i gceantair eile sa nGaeltacht agus tá iarrtha againn ar Raidió na Gaeltachta tús a chur leis sin trí Chomórtas Tráth na gCeist a reachtáil don Ghaeltacht uilig. Chomh maith leis sin, tá iarrtha againn ar Chónascadh Náisiúnta na nÓg-Chumann fo-choiste Gaeltachta a bhunú agus tá iarrtha againn ar **Shéamas Ó Tonnaí**, T.D. oifigigh fhorbartha a cheapadh chun cúnamh a thabhairt do na hÓg-Chumainn sa nGaeltacht.

Bliain ghnóthach

Tá ár gClub féin ag dul ar aghaidh go maith. Tá os cionn seachtó ball againn. Tá ár gcuid dornálaithe ag cruthú ar fud na Gaillimhe go bhfuil sé an-deacair fear as Cois Fharraige a bhualadh agus má bhualann tú é go dtiocfaidh sé arais arís. Bhí na buachaillí agus na cailíní páirteach i Scór agus sna comórtais a reachtálann Comhchoiste Chonamara agus, tríd is tríd, is féidir linn a rá go raibh bliain mhaith ghnóthach againn agus go bhfuil muid ag súil le bliain níos fearr fós an bhliain seo chugainn.

Fuair muid an-tacaíocht ón gComharchumann, ó na múinteoirí sa Scoil Náisiúnta, agus sa nGairmscoil, ón Sagart Paráiste, an tAthair Mac Aodha, agus ó Ghaeltarra Éireann. Tá muid an-bhuíoch díobh go léir.

GAELTARRA ÉIREANN **ap**

Ag obair ar son na Gaeltachta



Tá Gaeltarra Éireann ag cur gan stad le forbairt na gCeantar Gaeltachta.

Tá tionscail ón tír seo agus ón gcoigríoch á n-aimsiú agus á gcothú againn, agus postanna agus caighdeán beatha níos fearr dá réir sin á sholáthar don phobal áitiúil.

Módhanna agus scéimeanna spreagúla na linne seo atá in úsáid againn. Tá ag éirí leo, agus má léann tú na tuartha aithneoidh tú go bhfuil an dul chun cinn ag cur go hollásach le saol traidisiúnta na Gaeltachta.

Is maith an comhartha do na todhchaí an dul chun cinn atá déanta.

Gaeltarra Éireann, Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 21011; Telex: 8359.



COMHARCHUMANN
CHOIS FHARRAIGE TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Seirbhísí ilchineálacha do phobal na Gaeilge.

***CLÓDÓIRÍ LURGAN:** Seirbhís phriontála agus chlóchuradóireacht: leabhair, irisí, postaeirí, ticéidí, etc.

***CLÓ CHOIS FHARRAIGE:** Foilsú téacsleabhar agus ábhar oideachasúil go príomhdha. Cuir fios ar ár gcatalóg!

***COMHAR LURGÁN:** Ábhair agus fearais oifige, stáiseanóireacht agus troscán oifige ar phraghsanna iomaíochta.

***COLÁISTÍ GAEILGE:** Cúrsaí Gaeilge do dhaltai scoile 10-18 mbliana. Cúrsaí athnuachana Gaeilge do mhúinteoirí i 1980.

***AMÁRACH:** An nuachtán seachtainiúil Gaeilge – céim ar chéim le nuacht phobal na Gaeilge. Fairigí amach dó!

CABHRAIGH LINN TRÍ ÚSÁID A BHAINT AS ÁR gCUID SEIRBHÍSÍ NÓ TRÍ SCAR A CHEANNACH SA CHOMHARCHUMANN.

CCF Teo (091) 73149 CCF Teo (091) 73157 CCF Teo.

GO N-ÉIRÍ GO GEAL LE HOBAIR AN CHUMAINN FHOBBARTHA